

## Tóraíocht Ghréasáin 2

### Cumann Nua

#### Intreoir

Is í aidhm na tóraíochta gréasáin seo ná plean a chur le chéile le haghaidh cumann nua a bhunú sa scoil/coláiste/ollscoil s'agat. Ní gá gur smaoinemh iomlán nua a bheadh ann, ach caithfear tuiscint nach dtarlaíonn tionscnaimh dá leithéid seo gan obair nó dúthracht.

Tá neart samplaí ann cheana féin de chumainn a mhaireann ar feadh na mblianta in institiúidí agus n-athraíonn a mballraíocht thar am. Ní mór fáil amach cén fáth a mhaireann na cumainn seo agus féachaint an bhfuil cleachtais nó prionsabail ar leith i gcoiteann acu ar féidir aithris a dhéanamh orthu.

#### An Tasc

Mar thoradh ar tasc seo cruthóidh sibh téacs gairid (c.500 focal) a mhíneoidh:

- aidhmeanna/cuspóirí an chumainn
- na fáthanna a n-éireoidh leis
- na rioscaí féideartha a d'fhéadfadh cur isteach ar imharthanacht an chumainn

#### An Próiseas

Ní mór smaoinemh ar réimse láithreán gréasáin a cheadú chun chuidiú libh na fachtóirí éagsúla a chuirfidh le rath an chumainn a mheas. Tar éis plé a dhéanamh ar na láithreáin éagsúla ba chóir nótaí a bhreacadh síos a chuideoidh libh an cás a chur le chéile. Tiocfaidh smaointe agus moltaí chun cinn de réir mar a théann an tóraíocht ar aghaidh, caithfear a bheith cúramach nach gcuirtear am amú ar phlé nach bhfuil fócasaithe nó dírithe ar phríomhchuspóir an tasc. Nuair atá an plean curtha le chéile, léifidh na grúpaí éagsúla sa rang a bplean amach agus tabharfaidh siad breithiúnas ar a chéile.

#### Áiseanna

##### **Cad iad na haidhmeanna a bheidh leis an chumann nua?**

De ghnáth bíonn cumainn a bhfuil stair fhada acu maith ag baint tairbhe as an stair sin ina gcuid ábhar poiblíochta/margaíochta – cuidíonn cuntais ar stair/imeachtaí an chumainn leis na daoine atá i gceannas ar an chumann daoine nua a mhealladh agus gníomhaíochtaí a eagrú atá ag teacht le cuspóirí an chumainn go stairiúil. Sampla maith de seo is ea The College Historical Society i gColáiste na Tríonóide.

<http://thehist.com>

Déan iarracht samplaí eile mar seo a aimsiú agus príomhthréithe na gcumann éagsúil a aithint.

### **Maoiniú?**

Go minic braitheann inmharthanacht cumainn ar mhaoiniú, m.sh. na táillí a dhíolann na baill, nó airgead a bhailítear trí imeachtaí a reáchtáil. Léiríonn an sampla thíos, an Arts Soc i gColáiste na hOllscoile, BÁC gur féidir leis na himeachtaí seo a bheith lárnach i ngníomhaíochtaí an chumainn.

<http://ucdsocieties.com/societies/arts/>

Aimsigh samplaí eile in institiúidí éagsúla agus déan liosta de na himeachtaí a reáchtáladh cumann s'agaibhse le hairgead a bhailiú agus na foinsí eile maoinithe a d'fhéadfadh a bheith ann.

### **Margaíocht?**

Cad é mar a mheallann cumainn rathúla baill nua bliain i ndiaidh bliana, agus cad iad na buntáistí a bhaineann le ballraíocht a ghlacadh i gcumann nó fiú le ról ceannairachta/freagrachta a ghlacadh i gcumann? Tabhair spleáchadh ar innéacs na gcumann in UCLA thíos – tá ainm an sainiúil ag cuid acu – cad é mar a mhaireann siad uilig? An mbeidh cumann s'agaibhse dírithe ar líon beag daoine nó ar na sluaite?

<http://www.studentgroups.ucla.edu/home/clubs/clublist?withcat=22>

### **Luacháil**

Nuair atá an plean scríofa ag gach grúpa cuirfidh siad i láthair iad go hoscailte. Éistfidh gach grúpa lena chéile agus ansin déanfar plé oscailte ar na buanna agus na laigí a bhaineann le gach cás. Ar ndóigh, cuirfear san áireamh sa luacháil an dua a caitheadh le hanailís fhiúntach a dhéanamh ar na láithreáin éagsúla a ceadaíodh.

### **Conclúid**

Tar éis na luachála déanfar suimiú ar an dea-chleachtas a tháinig chun cinn le linn an phróisis agus déanfar machnamh ar an tslí ar chomhoibrigh na foirne a rinne obair éifeachtach le chéile. Déanfar plé fosta ar na daoine a oibríonn ar a leithéid de thionscadal ó cheann ceann na bliana agus ar na scileanna gairmiúla a bhíonn acu.